RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/2293 ÓN gCOIMISIÚN

an 18 Samhain 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a mhéid a bhaineann le liosta tríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, teorainneacha uasta iarmhair na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus na lotnaidicídí agus uasleibhéil éilleán

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 96/23/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 1996 maidir le bearta chun faireachán a dhéanamh ar shubstaintí áirithe agus ar iarmhair na substaintí sin in ainmhithe beo agus i dtáirgí de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Treoracha 85/358/CEE agus 86/469/CEE agus Cinntí 89/187/CEE agus 91/664/CEE ([1]), agus go háirithe Airteagal 29(1), an ceathrú fomhír, agus Airteagal 29(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([2]), agus go háirithe Airteagal 127(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2017/625 rialacha maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí rialaithe eile arna ndéanamh ag údaráis inniúla na mBallstát chun comhlíonadh reachtaíocht an Aontais a fhíorú i réimse na sábháilteachta bia, i measc nithe eile, ag aon céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileachán. Go háirithe, foráiltear leis nach dtiocfaidh ach coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe isteach san Aontas ó thríú tír nó réigiún sa tír sin atá ar liosta arna tharraingt suas ag an gCoimisiún chun na críche sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún ([3]) déantar forlíonadh ar Rialachán (AE) 2017/625 a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine ó thríú tíortha nó ó réigiúin sna tríú tíortha sin a thabhairt isteach san Aontas lena áirithiú go gcomhlíonann siad na ceanglais ábhartha a leagtar síos sna rialacha maidir le sábháilteacht bia dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625 nó na ceanglais a aithnítear a bheith ar a laghad coibhéiseach leo. Go háirithe, sainaithnítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 na hainmhithe agus na hearraí a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá faoi réir an cheanglais maidir le teacht ó thríú tír nó réigiún atá ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

([1]) IO L 125, 23.5.1996, lch. 10.

([2]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (féach leathanach 1 den Iris Oifigiúil seo).

(3) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún ([4]) na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin óna gceadaítear coinsíneachtaí ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le hAirteagal 126(2)(a) de Rialachán (AE) 2017/625.

(4) Le Rialachán (AE) 2017/625 aisghaireadh Treoir 96/23/CE, ach déantar foráil leis go leanfaidh Airteagal 29(1) agus (2) den Treoir sin d'fheidhm a bheith acu go dtí an 14 Nollaig 2022.

(5) I gCinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún ([5]) liostaítear na tríú tíortha ar formheasadh ina leith pleananna rialaithe maidir le húsáid substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, teorainneacha uasta iarmhair na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, uasleibhéil iarmhar lotnaidicídí agus uasleibhéil éilleán, dá dtagraítear in Airteagal 29(1) de Threoir 96/23/CE i gcomhar le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin.

(6) Déantar foráil le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292, i dteannta na gcoinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2017/625, go bhfuil coinsíneachtaí bia-ainmhithe, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus táirgí ilchodacha le teacht isteach san Aontas ó thríú tír atá ar an liosta de thríú tíortha a fhormheastar i dtaobh theacht isteach san Aontas na mbia-ainmhithe lena mbaineann nó na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine.

(7) Ar mhaithe le trédhearcacht agus comhsheasmhacht a áirithiú agus le teacht isteach coinsíneachtaí ainmhithe áirithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine san Aontas a éascú, na liostaí uile de thríú tíortha is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh earraí agus ainmhithe a onnmhairítear chuig an Aontas na ceanglais ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Rialachán (AE) 2017/625 ar theacht isteach san Aontas dóibh, ba cheart na liostaí sin a leagan síos in aon ghníomh cur chun feidhme amháin. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2011/163/AE a aisghairm agus ba cheart an liosta a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin a chur isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 a leasú dá réir.

(9) Ós rud é go bhfuil feidhm ag Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón 15 Nollaig 2022, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin freisin.

(10) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 mar a leanas:

(1) cuirtear an tAirteagal 2a seo a leanas isteach tar éis Airteagal 2:

"*Airteagal 2a*

Liosta tríú tíortha a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin i mbia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine

1. Na pleananna rialaithe le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún (*), arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear sa tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo, tá na pleananna sin formheasta i dtaobh na mbia-ainmhithe agus na dtáirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine agus atá marcáilte le 'X' sa tábla sin.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/405 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a údaraítear i dtaobh ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 118).

([5]) Cinneadh 2011/163/AE ón gCoimisiún an 16 Márta 2011 maidir le formheas pleananna arna gcur isteach ag tríú tíortha i gcomhréir le hAirteagal 29 de Threoir 96/23/CE ón gComhairle (IO L 70, 17.3.2011, lch. 40).

2. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ach nár chuir isteach pleananna rialaithe maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, gan ach amhábhar a úsáid chun táirgí atá beartaithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas a tháirgeadh, ar amhábhair iad ó na Ballstáit nó ó thríú tíortha eile atá formheasta chun amhábhar den sórt sin a allmhairiú isteach san Aontas i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo, déantar iad a mharcáil le 'Δ,' le haghaidh an speicis nó an tráchtearra ábhartha, sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ach nár chuir isteach pleananna rialaithe maidir le substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, lotnaidicídí agus éilleáin le haghaidh bó-ainmhithe, ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair, muc-ainmhithe, each-ainmhithe, coinín nó éanlaith chlóis agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, táirgí ilchodacha a onnmhairiú chuig an Aontas trí úsáid a bhaint as táirgí ainmhíocha próiseáilte ó na speicis sin a fhaightear ó Bhallstát nó ó thríú tír nó ó réigiún sa tír sin a bhfuil pleananna rialaithe i bhfeidhm acu le haghaidh substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, déantar iad a mharcáil le 'O', le haghaidh na speiceas a chumhdaítear leis an iarraidh, sa tábla in Iarscríbhinn –I a ghabhann leis an Rialachán seo.

4. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 agus atá marcáilte le 'X' sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na gcatagóirí 'dobharshaothrú', 'bainne' nó 'uibheacha' agus a bhfuil sé beartaithe acu, de réir na hiarrata sin, táirgí ilchodacha a tháirgeadh, déantar iad a mharcáil freisin le 'O' don chuid eile de na catagóirí sin nach bhfuil marcáilte le 'X', sa tábla in Iarscríbhinn –I a ghabhann leis an Rialachán seo.

5. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a rinne iarraidh go mbeadh siad ar an liosta dá dtagraítear in Airteagal 6(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 agus atá marcáilte le 'X' sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh na gcatagóirí 'bó-ainmhithe', 'ainmhithe de chineál caorach, ainmhithe de chineál gabhair', 'muc-ainmhithe', 'each-ainmhithe', 'éanlaith chlóis', 'dobharshaothrú', 'bainne', 'uibheacha', 'coinín ', 'géim fiáin' nó 'géim feirme' agus a tháirgeann táirgí ilchodacha le táirgí próiseáilte a dhíorthaítear ó mhoilisc dhébhlaoscacha de thionscnamh na mBallstát nó tríú tíortha nó réigiún sna tíortha sin a liostaítear in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo, déantar iad a mharcáil freisin le 'P' sa tábla in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/2292 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais i ndáil le coinsíneachtaí bia-ainmhithe agus earraí áirithe a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine a theacht isteach san Aontas (IO L 304., 24.11.2022, lch. 1).";

(2) In Airteagal 3, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE";

(3) In Airteagal 6, an chéad mhír, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE";

(4) In Airteagal 7, an chéad mhír, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo i leith 'uibheach'" in ionad na bhfocal 'agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith 'uibheacha'";

(5) In Airteagal 10, an dara mír, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE";

(6) In Airteagal 11, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo i leith 'cásálacha'" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith 'cásálacha'";

(7) In Airteagal 15, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo i leith 'bainne'" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith 'bainne'";

(8) In Airteagal 16, cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn -I a ghabhann leis an Rialachán seo i leith 'bainne'" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith 'bainne'";

(9) In Airteagal 21, cuirtear na focail "liostaítear in Iarscríbhinn -I i leith 'mil'" in ionad na bhfocal "liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE i leith "mil"";

(10) In Airteagal 25, pointe (a), cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn –I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás inarb infheidhme" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE nuair is infheidhme";

(11) In Airteagal 25, pointe (c), cuirtear na focail "agus a liostaítear in Iarscríbhinn –I a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás inarb infheidhme" in ionad na bhfocal "agus a liostaítear i gCinneadh 2011/163/AE nuair is infheidhme";

(12) Cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo isteach mar Iarscríbhinn –I roimh Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh 2011/163/AE.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 15 Nollaig 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Samhain 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN -I

Liosta tríú tíortha agus críoch sna tíortha sin a bhfuil plean rialaithe formheasta acu maidir le bia-ainmhithe áirithe agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a bheartaítear lena gcaitheamh ag an duine, dá dtagraítear in Airteagal 2a, Airteagal 3, Airteagal 6, an chéad mhír, Airteagal 7, an chéad mhír, Airteagal 10, an dara mír, Airteagail 11, 15, 16, 21 agus Airteagal 25, pointí (a) agus (c)

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Muc-ainmhithe	Each-ainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobhar-shaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
AD	Andóra	X	X	Δ	X		P						X	
AE	Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha						Δ P	X [2] O	O				X [3]	
AL	An Albáin		X				X [14] P	O	X					X
AM	An Airméin						X [14] P	O	O				X	
AR	An Airgintín	X	X		X	X	X [14] P	X	X	X	X	X	X	X
AU	An Astráil	X	X		X		X M	X	X		X	X	X	X
BA	An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin	X	X	X		X	X [14] P	X	X				X	
BD	An Bhanglaidéis						X P	O	O					
BF	Buircíne Fasó												X	
BJ	Beinin												X	
BN	An Bhurúin						X [15] P	O	O					
BR	An Bhrasaíl	X			X	X	X P	O	O				X	X
BW	An Bhotsuáin	X					P							
BY	An Bhealarúis				X [8]		X [14] P	X	X				X	X

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Mucainmhithe	Eachainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
BZ	An Bheilís						X [15] P	O	O					
CA	Ceanada	X	X	X	X	X	X M	X	X	X	X	X	X	
CH	An Eilvéis [7]	X	X	X	X	X	X [14] M	X	X	X	X	X	X	X
CL	An tSile	X	X [5]	X		X	X [14] M	X	O		X		X	X
CM	Camarún												X	
CN	An tSín					X	X P	O	X	X			X	X
CO	An Cholóim						X P	X	Δ					X
CR	Cósta Ríce						X P	O	O					
CU	Cúba						X [15] P	O	O				X	
DO	an Phoblacht Dhoiminiceach												X	
EC	Eacuadór						X P	O	O					
EG	An Éigipt													X
ET	An Aetóip												X	
FK	Oileáin Fháclainne	X	X [5]				X [14] P	O	O					
FO	Oileáin Fharó Oileáin						X [14] P	O	O					
GB	An Ríocht Aontaithe [6]	X	X	X	X	X	X [14] Δ M	X	X	X	X	X	X	X

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Mucainmhithe	Eachainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
GE	An tSeoirsia												X	
GG	Geansaí						O M	X	O					
GL	An Ghraonlainn		X [5]				M					X		
GT	Guatamala						X [15] P	O	O				X	
HK	Hong Cong						Δ P		Δ					
HN	Hondúras						X P	O	O					
ID	An Indinéis						X P	O	O					
IL	Iosrael [4]					X	X [14] P	X	X				X	
IM	Oileán Mhanann	X	X	X			X [14] M	X	O				X	
IN	An India					O	X P	O	X				X	X
IR	An Iaráin						X [15] X [16] P	O	O					X
JE	Geirsí	X					M	X	O					
JM	Iamáice						M						X	
JP	An tSeapáin	X		X		X	X [14] M	X	X				Δ	X
KE	An Chéinia						X [14] P	O	O					
KR	An Chóiré Theas					X	X M	O	O				Δ	
LB	An Liobáin													X

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Mucainmhithe	Eachainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
LK	Srí Lanca						X P	O	O					
MA	Maracó					X	X [14] Δ M	O	O					X
MD	An Mholdóiv					X	X [14] P	X	X				X	
ME	Montainéagró	X	X [5]	X		X	X [14] P	X	X				X	
MG	Madagascar						X P	O	O				X	
MK	An Mhacadóin Thuaidh	X	X	X		X	X [14] P	X	X		X		X	
MM	Maenmar						X P	O	O				X	
MN	an Mhongóil													X
MU	Oileán Mhuirís						X [14] P	O	O				Δ	
MX	Meicsiceo			Δ			X P	O	X				X	
MY	An Mhalaeisia					Δ	X P	O	O					
MZ	Mósaimbíc						X [15] P	O	O					
NA	An Namaib	X	X [5]				P				X			
NC	An Nua-Chaladóin						X [15] P	O	O			X	X	
NG	An Nigéir						X [15] P	O	O					
NI	Nicearagua						X [15] P	O	O				X	

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Mucainmhithe	Eachainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
NZ	An Nua-Shéalainn	X	X	O	X	O	X [14] M	X	O	O	X	X	X	X
PA	Panama						X P	O	O					
PE	Peiriú						X M	O	O					
PH	Na hOileáin Fhilipíneacha						X P	O	O					
PK	An Phacastáin													X
PM	San Pierre agus Miquelon					X	P							
PN	Oileáin Pitcairn												X	
PY	Paragua	X					P							X
RS	An tSeirbia	X	X	X	X [8]	X	X [14] P	X	X	X	X		X	X
RU	An Rúis	X	X	X		X	O P	X	X			X [9]	X	X
RW	Ruanda												X	
SA	An Araib Shádach						X P	O	O					
SG	Singeapór	Δ	Δ	Δ	X [10]	Δ	X [14] P	Δ	Δ		X [10]	X [10]		
SM	San Mairíne	X		Δ			O P	X	O				X	
SV	An tSalvadóir												X	
SY	an tSiria													X
SZ	Eswatini	X					P							
TG	Tóga												X	

Cód ISO na tíre	Tríú tír [1] nó réigiúin sa tír sin	Bó-ainmhithe	Ainmhithe de chineál caorach/ainmhithe de chineál gabhair	Mucainmhithe	Eachainmhithe	Éanlaith chlóis	Dobharshaothrú [17]	Bainne	Uibheacha	Coinín	Géim fiáin	Géim feirme	Mil	Cásálacha
TH	An Téalainn	O		O		X	X M	O	Δ				X	
TN	An Túinéis						X [14] M	O	O					X
TR	An Tuirc					X	X [14] M	X	X				X	X
TW	An Téaváin						X P	O	X				X	
TZ	An Tansáin						X [15] P	O	O				X	
UA	An Úcráin	X		X		X	X [14] M	X	X	X			X	X
UG	an Téaváin												X	
US	Na Stáit Aontaithe	X	X [11]	X		X	X M	X	X	X	X	X	X	
UY	Uragua	X	X		X		X [14] M	X	O		X		X	X
UZ	an Úisbéiceastáin													X
VE	Veiniséala						X [15] P	O	O					
VN	Vítneam						X M	O	O				X	
WF	Vailís agus Futúna												X	
XK	An Chosaiv [12]					Δ								
ZA	An Afraic Theas						P				X	X [13]		
ZM	An tSaimbia												X	

([1]) Liosta tríú tíortha agus críoch (níl sé teoranta do thríú tíortha arna n-aithint ag an Aontas).
([2]) Bainne camaill, agus é sin amháin.
([3]) Réigiún Ras al Khaimah, agus an réigiún sin amháin.
([4]) Tuigtear anseo feasta gurb é Stát Iosrael é, cé is moite de na críocha faoi riar Stát Iosrael tar éis an 5 Meitheamh 1967, is é sin Arda Golan, Stráice Gaza, Iarúsailéim Thoir agus an chuid eile den Bhruach Thiar.
([5]) Speicis de chineál na gcaorach, agus iad sin amháin.
([6]) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) den Phrótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an bPrótacal sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, ní bhaineann tagairtí don Ríocht Aontaithe le Tuaisceart Éireann.
([7]) I gcomhréir le Comhaontú an 21 Meitheamh 1999 idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta (IO L 114, 30.4.2002, lch. 132).
([8]) Onnmhairiú each-ainmhithe beo chun an Aontais a bhfuil sé beartaithe iad a mharú (bia-ainmhithe, agus na hainmhithe sin amháin).
([9]) Réinfhianna, agus iad sin amháin.
([10]) I gcás coinsíneachtaí feola úire de thionscnamh na Nua-Shéalainne, a bheartaítear a chur chuig an Aontas agus a bheidh á ndíluchtú, le stóráil nó gan stóráil, i Singeapór agus a bheidh á n-athlódáil i mbunaíocht fhormheasta le linn dóibh a bheith ar idirthuras trí Shingeapór, agus ina gcás siúd amháin.
([11]) Speicis de chineál an ghabhair, agus iad sin amháin.
([12]) Ní dochar an t-ainmniú sin do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244/1999 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.
([13]) Raitítigh, agus iad sin amháin.
([14]) Éisc eite, agus iad sin amháin.
([15]) Crústaigh, agus iad sin amháin.
([16]) Eochraí agus caibheár, agus iad sin amháin.
([17]) Le dobharshaothrú, cuimsítear iasc eite, lena n-áirítear eascanna, agus táirgí ó éisc eite (amhail eochraí agus caibheár) agus crústaigh. Na tríú tíortha nó réigiúin sna tíortha sin a liostaítear le haghaidh moilisc dhébhlaoscacha, eicínideirmigh, túinicigh agus gastrapóid mhuirí bheo, fhuaraithe, reoite nó phróiseáilte in Iarscríbhinn VIII, déantar iad a mharcáil iad le 'M' sa cholún seo."